

Miontuairiscí Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Déardaoin, an 7 Aibreán 2022 ar 11:00

An Bord	<p>I láthair: Eoin McVey, Cathaoirleach An Dr Marie Bourke An tOll. Maeve Conrick John Grenham (córas físchomhdhála) Lisa Grimm Lorelei Harris An Dr Conor Kostick Katherine McSharry An tOll. Ciarán Ó hÓgartaigh (córas físchomhdhála) Caitriona Sharkey (córas físchomhdhála) Jennifer Taaffe</p> <p>Leithscéalta: An tOll. Kalpana Shankar</p>
An Fhoireann	<p>I láthair: Katherine McSharry, Stiúrthóir Gníomhach (1-12) Susan O'Donnell, Rúnaí Gníomhach (1-12)</p> <p>Liz Coffey, Ceannasaí Cumarsáide agus Forbartha (5-6.1 amháin) Kathleen Ruane, Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí (7-9.1.3 amháin)</p>
<p>Nóta: Is éard atá i gceist le (5-6.1) ná go raibh an duine sin i láthair le haghaidh na míreanna sin sna miontuairiscí. Bhí gach comhalta Boird/ball foirne eile i láthair don chruinniú iomlán.</p>	

1. Leasanna agus ceisteanna nóis imeachta

Dhearbhaigh an Cathaoirleach go raibh córam i láthair ar an gcruinniú. Mar fhreagra ar an gceist ón gCathaoirleach, ní raibh aon choinbhleachtaí leasa le fógairt ag an mBord agus glacadh le clár oibre an chruinnithe.

Dheimhnigh an Bord go raibh córam ann, ghlac le clár oibre an chruinnithe; dheimhnigh nach raibh aon choinbhleachtaí leasa le fógairt.

Nóta: Cuireadh na páipéir go léir ar fáil roimh an gcrúinniú Boird ach amháin má luaitear a mhalairt.

2. Dréacht-mhiontuairiscí ón gcrúinniú Boird ar an 10 Feabhra 2022 agus a bhfoilsíú

D'fhaomh an Bord na dréacht-mhiontuairiscí ón gcrúinniú Boird ar an 10 Feabhra 2022 agus foilsíú na miontuairiscí faofa agus téacs folaithe iontu de réir mar is iomchuí.

3. Nithe ag éirí as

Thug an Stiúrthóir Gníomhach achoimre ghearr don Bhord ar thábla gníomhaíochta na nithe ag éirí as. Rinneadh plé ní ba mhionsonraithe ar na gníomhartha seo a leanas:

Gníomh 19.2.3: Dúirt an Stiúrthóir Gníomhach gur dócha go mbeidh an t-athbhreithniú seachtrach ar an mBord, nó cuid mhaith de, curtha i gcrích faoin spriocdháta, is é sin an 30 Meitheamh 2022. Navigo a rinne an t-athbhreithniú is deireanaí. Is éard a bhí i gceist san athbhreithniú ná suirbhéanna agus agallaimh fóin leis an mBord agus leis na Coistí.

Gníomh 20.2.5: Dúirt an Stiúrthóir go bhfoilseofaí miontuairiscí an Bhoird ón 8 Aibreán 2021 go dtí an 10 Feabhra 2022 ar líne sna seachtainí seo romhainn.

Gníomh 2022.1.1: Dúirt an Cathaoirleach go dtabharfaí tuairisc chun dáta don Bhord mar chuid den Seisiún Príobháideach i Mír 13 seo thíos.

Gníomh 2022.1.2: Maidir le soláthraí atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe, ProQuest LLC, a roghnú mar sholáthraí leabhar do LNÉ, dheimhnigh an Stiúrthóir Gníomhach gur baineadh feidhm as *an tSeirbhís Soláthair Oideachais, Creat-Chomhaontú Soláthraithe Éagsúla chun Earraí Leabharlainne a Sholáthar (BBB055F)*, agus bhí ProQuest ar cheann amháin den dá sholáthraí a roghnaíodh a chomhlíon na ceanglais soláthair.

Thug an Bord tábla gníomhaíochta na nithe ag éirí as ar aire.

4. Tuairisc an Stiúrthóra Ghníomhaigh

Thug an Stiúrthóir Gníomhach faisnéisiú don Bhord mar seo a leanas:

- Tuairisc chun dáta ar Oibríochtaí in aimsir Covid-19: Táthar tar éis na srianta go léir ó thaobh líon daoine de a bhaint i gcomhréir leis an treoir ón Rialtas agus tá seirbhísí á n-oscailt arís ar bhonn céimnithe. Osclófar seirbhísí taighde sa tráthnóna go luath i mí na Bealtaine ar a dhéanaí agus beidh siad ar oscailt go mall go dtí 7pm ar an Máirt agus ar an gCéadaoin.
- Tuairiscí chun dáta ar Thosaíochtaí Straitéiseacha LNÉ do 2022:
 - Dul chun cinn ar an tionscadal forbartha caipitil “An Leabharlann Náisiúnta a Shamhlú as an Nua”: Tá plé ar bun fós le hOifig na nOibreacha Poiblí agus leis an RTCEGSM faoi gach gné den tionscadal.
 - Dul chun cinn ar an Tionscadal maidir le Taispeántais agus Rannpháirtíocht sa Sciathán Thiar: Tá deimhniú faighte ón RTCEGSM go bhfuiltear chun dul ar aghaidh chuig próiseas réamhcháiliúcháin le haghaidh soláthraithe deartha agus go bhfuil an obair ar siúl faoi láthair ar chás gnó chun bogadh ar aghaidh go dtí an chéim seo den tairiscint a chuirfear i láthair don Bhord lena athbhreithniú i gcruinniú an Bhoird ar an 2 Meitheamh 2022.

I dtaca le maoirseacht an Bhoird ar an tionscadal, táthar ag obair ar shaineolas seachtrach breise a fháil.

- Digitiú – ullmhúchán don chéad 10 mbliana eile:

Thug an Bord ar aire go dtabharfadh an Ceannasaí Bailiúchán Digiteach tuairisc chun dáta sa chruinniú Boird ar an 2 Meitheamh 2022.

Thug an Bord ar aire go bhfuil breithmheas á dhéanamh ar bhailiúcháin éagsúla, bailiúchán léarscáileanna ina measc, a mbeidh maoiniú breise agus cásanna gnó ag teastáil ina dtaobh a thabharfar chuig cruinnithe Boird amach anseo.

- Tuairiscí chun dáta ó na hAcmhainní Daonna: Tá an Beartas um Obair Chumaisc a d'fhaomh an Bord faomhadh sa chruinniú ar an 10 Feabhra 2022 á chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach agus táthar ag glacadh le hiarratais ar an gcianobair i gcomhréir leis an mbeartas ón 28 Márta 2022 ar aghaidh.

Tá comórtais earcaíochta le haghaidh Bainisteoir ar an Eispéireas Cuartaíochta agus Forbróir Sinsearach Bogearraí ar siúl faoi láthair. Tá sé cinn d'fholúntais ann ar gá don RTCEGSM iad a cheadú fós, lena n-áirítear folúntas iarmhartach poist don ról mar Cheannasaí Taispeántas, Foghlama agus Cláreagraithe atá ann mar gheall ar an Stiúrthóireacht Gníomhach.

Rachaidh an Ceannasaí Gníomhach Bailiúchán Foilsithe siar chuig a ról roimhe seo nuair a thiocfaidh an Ceannasaí Bailiúchán Foilsithe ar ais chuig an ról seo arís in 2022. Luadh an méid suntasach atá déanta ag an gCeannasaí Gníomhach, go háirithe an cheannaireacht thar barr, an inoiriúnaitheacht agus an saineolas ó thaobh daoine a bhainistiú de agus athruithe á ndéanamh ar an tseirbhís i rith an ama de dheasca na paindéime.

Ghabh an Bord buíochas leis an gCeannasaí Gníomhach Bailiúchán Digiteach as a cuid oibre le dhá bhliain anuas, i rith tréimhse millteanach dúshlánach.

- Dúirt an Stiúrthóir Gníomhach go bhfuiltear ag forbairt modh nua chun bheith ag tuairisciú don Bhord agus go bhfuil sé beartaithe é sin a thabhairt chuig an gcruinniú Boird ar an 2 Meitheamh 2022. Mar chuid de sin beidh tuairisciú démhíosúil do Straitéis 2022-2026.
- Comhoibriú Náisiúnta agus Idirnáisiúnta: thug Ambasadóir nua SAM chun na hÉireann, Claire Cronin, cuairt ar an Leabharlann Náisiúnta i Márta 2022.
- Rinne an Bord plé ar na bealaí a mbeadh an Leabharlann Náisiúnta in ann freagairt dóibh siúd a bheadh ag teacht chun na hÉireann i ndiaidh dóibh éalú ón Úcráin. Dheimhnigh an Stiúrthóir Gníomhach

go mbeadh an Leabharlann Náisiúnta ag bailiú ábhar a bhaineann leis an ngéarchéim seo.

- Mar fhreagra ar cheist ón mBord, chuir an Stiúrthóir Gníomhach in iúl go raibh líon beag cásanna de Covid-19 i measc baill foirne gach seachtain le míonna anuas. Níor dúnadh aon seirbhísí go dtí seo.
- Mar fhreagairt ar rud a thug an Bord faoi deara, is é sin go raibh níos lú cuairteanna ar líne ann in 2021 i gcomparáid le 2020, dúirt an Stiúrthóir Gníomhach go spreagfadh an láithreán gréasáin nua níos mó cuairteanna ar líne, agus go gcaitheadh cuairteoirí tréimhsí níos faide ann le linn na paindéime ach go dtugaidís níos lú cuairteanna ina dhiaidh sin.
- **Thug an Bord tuairisc an Stiúrthóra Gníomhaigh ar aire.**

5. Cur i láthair: An Oifig Cumarsáide agus Forbartha a chur i láthair

Thug an Ceannasaí Cumarsáide agus Forbartha, Liz Coffey, cur i láthair don Bhord leis an Oifig Forbartha a chur i láthair agus luaigh sí gurb é ról na hOifige Forbartha daoine a chur ar an eolas faoi chuspóir LNÉ, agus tacaíocht a fháil don chuspóir, is é sin leas a bhaint as na bailiúcháin faoi leith atá againn le scéalta na hÉireann a chraobhscaoileadh ar fud an domhain.

Cuimsíodh na nithe seo sa chur i láthair: an fhoireann a chur i láthair; forléargas ar ghníomhaíochtaí amhail margáíocht agus dearadh atá á ndéanamh go himmheánach anois le tamall; agus tionscnaimh

reatha, lena n-áirítear an Tionscadal Forbartha Caipitil; dearadh an láithreáin gréasáin nua; agus dearadh na Straitéise nua do 2022-2026.

Mar fhreagra ar cheist ón mBord i dtaca le leibhéal na dtabhartas daonchairdiúil ar an Leabharlann, dúirt an Ceannasaí Cumarsáide agus Forbartha gur bhain an chumarsáid le dhá bhliain anuas go mór le hoibríochtaí a bhain le Covid-19. Beifear ag díriú níos mó ar thabhartais amach anseo, agus beidh acmhainní níos fearr againn don obair seo agus duine ag obair mar Ardoifigeach Feidhmiúcháin.

Thug an Bord ar aire go raibh tionchar ag an leibhéal íseal sa líon foirne san Oifig Cumarsáide agus Forbartha ar chumas na Leabharlainne díriú ar an daonchairdeas.

Mar fhreagra ar cheist ón mBord, dúirt an Ceannasaí Cumarsáide agus Forbartha go bhfuil iniúchadh branda curtha i gcrích ar na mallaibh agus go bhfuiltear tar éis dathanna branda LNÉ a athnuachan. Níl sé beartaithe athnuachan eile a dhéanamh, ach beidh cuma úrnua ar an láithreán gréasáin nuair a sheolfar é níos moille i mbliana.

Mar fhreagra ar cheist ón mBord maidir le hiniúchtaí ar inrochtaineacht an láithreáin gréasáin atá déanta ag Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill, dúirt an Ceannasaí Cumarsáide agus Forbartha go raibh cruinniú aici leis an gComhairle chéanna le linn na seachtaine seo a chuaigh thart agus go mbeadh iniúchadh den sórt sin á iarraidh ag an Leabharlann lena chinntiú go bhfreastalóidh an láithreán gréasáin nua ar gach riachtanas ó thaobh inrochtaineachta de.

Thug an Bord ar aire an cur i láthair a thug an Ceannasaí Cumarsáide agus Forbartha chun an Oifig Cumarsáide agus Forbartha a chur i láthair.

Bhí an cur i láthair le cur chuig an mBord i ndiaidh an chruinnithe.

6. Cásanna gnó

6.1 Cumarsáid agus Forbairt: Tairiscint ar Sheirbhísí Caidrimh Phoiblí, Gnóthaí Poiblí agus Cumarsáide

Mar fhreagra ar cheisteanna ón mBord, dheimhnigh an Ceannasaí Cumarsáide agus Forbartha go mbeadh an soláthraí seirbhíse reatha i dteideal tairiscint a chur isteach arís. Maille leis sin, conradh dhá bhliain atá ar fáil agus an rogha ann síneadh bliana a chur leis faoi thrí, cúig bliana ar a mhéad mar sin.

Dúirt an Stiúrthóir Gníomhach gur conraitheoirí seachtracha is dócha a bheadh in ann tacú leis an obair seo faoi láthair.

Mar fhreagra ar cheist ón mBord faoi na bealaí a ndéanann an Leabharlann faireachán ar an gconradh ó

thaobh luacha de, dúirt an Ceannasaí Cumarsáide agus Forbartha agus Stiúrthóir Gníomhach go dtugtar tuairiscí rialta an-mhionsonraithe don LNE ar gach gníomhaíocht agus go mbíonn cruinnithe pleanála ann gach ráithe ina ndéantar athbhreithniú ar thionchar agus éifeachtacht.

Tar éis don Bhord athbhreithniú a dhéanamh, luaigh an Stiúrthóir Gníomhach gur chóir sceidealú athnuachaintí ar fud an chonartha a mheas.

Thug an Bord ar aire gur thug Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca le fios go mbeadh sí toilteanach a bheith mar pháirt den ghrúpa measúnaithe ar thairiscintí le haghaidh Seirbhísí Caidrimh Phoiblí, Gnóthaí Poiblí agus Cumarsáide má iarrtar uirthi.

Thoiligh an bord faomhadh a thabhairt don Fheidhmeannas leanúint ar aghaidh chuig soláthar AE le soláthraí seachtrach a fháil do sheirbhísí a bhaineann le caidreamh poiblí, gnóthaí poiblí agus cumarsáid.

7. Cur i láthair: Cuntais bhainistíochta agus Ráitis Airgeadais LNE a thuiscint

Thug an Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí cur i láthair don Bhord a bhain le Cuntais Bhainistíochta agus Ráitis Airgeadais LNE. Cuimsíodh na nithe seo ann: forléargas ar an gcuspóir agus ar úsáideoirí; an próiseas; ullmhúchán; miondealú mionsonraithe ar a mbíonn sna cuntais bhainistíochta; agus athbhreithniú ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus ar an Ráiteas ar Staid an Airgeadais mar a tuairiscíodh iad i ndrúcht 1 de na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021.

Mar fhreagra ar cheisteanna ón mBord, thug an Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí le fios go n-úsáideann Coimeádaithe na Leabharlaine sonraí comparáideacha nuair is féidir le sócmhainní oidhreachta a bhronntar ar an Leabharlann a luacháil nó go ndéanann gairmithe seachtracha iad a luacháil. Tugadh ar aire nach ndéantar saothair a fhaightear a

aicmiú mar Shócmhainní Oidhreachta ach na cinn sin a raibh costas nó ar tugadh luach €5,000 orthu agus a fuarthas nó a bronnadh ó bunaíodh an Bord i mBealtaine 2005.

Thug an Bord moladh don Cheannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí as an gcur i láthair a thabhairt maidir le Cuntais Bhainistíochta agus Ráitis Airgeadais LNÉ a thuiscint.

Bhí an cur i láthair le cur chuig an mBord i ndiaidh an chruinnithe.

8. Beartais

8.1 Airgeadas: Beartas agus Nósanna Imeachta Oibriúcháin uasdátaithe maidir le Sócmhainní Seasta

Dúirt an Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí gur forbairt thábhachtach atá sa dréacht-Bheartas agus sna dréacht-Nósanna Imeachta Oibriúcháin uasdátaithe maidir le Sócmhainní Seasta ós rud é go bhfuil moltaí curtha san áireamh sa doiciméad a rinne iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha.

Dheimhnigh Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) go ndearna an CIR athbhreithniú ar an mBeartas agus ar na Nósanna Imeachta Oibriúcháin uasdátaithe maidir le Sócmhainní Seasta ar an 23 Márta 2022 agus go raibh siad sásta iad a mholadh don Bhord lena bhfaomhadh.

D'fhaomh an Bord an Beartas agus na Nósanna Imeachta Oibriúcháin uasdátaithe maidir le Sócmhainní Seasta.

9. Gnóthaí Corparáideacha

9.1 Cúrsaí Airgeadais

9.1.1 Na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 (Dréacht 1)

Dúirt an Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí gur cuireadh na dréachtráitis airgeadais neamhiniúchta faoi

bhráid Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus ghníomhaire na hOifige sin, Mazars, lena n-íniúchadh. Tugadh na ráitis seo don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) am éigin le seachtain anuas le go bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh orthu.

Dheimhnigh an Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí nach bhfuil aon athrú déanta ar na ceanglais faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Dúirt an Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí go raibh líon suntasach Sócmhainní Seasta atá go hiomlán dímheasta breachtha síos mar dhiúscairtí. Tháinig sé sin tar éis píosa suntasach oibre a rinneadh in 2021 leis na sócmhainní ar an gClár Sócmhainní Seasta a fhíorú go fisiciúil. [REDACTED]

Cuireadh ceist le fáil amach an mbíonn an trealamh TF ar léas ag an Leabharlann nó an leis an leabharlann é. Dúirt an Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí mar fhreagra nach mbíonn ach píosa amháin trealaimh ar léas.

Rinne an Bord athbhreithniú ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 (Dréacht 1).

9.1.2 Cuntais bhainistíochta don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2021

Rinne an Bord na dréachtchuntais bhainistíochta don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2021 a fhaomhadh.

9.1.3 Cuntais bhainistíochta don bhliain go dtí an 31 Eanáir 2022 agus buiséad mionsonraithe pro forma do 2022

Chuir Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) in iúl go ndearna an CIR athbhreithniú ar na dréacht-chuntais bhainistíochta ar an 23 Márta 2022 don bhliain go dtí an 31 Eanáir 2022 agus ar an mbuiséad mionsonraithe pro forma do 2022 agus go raibh an coiste ag moladh go ndéanfaidh an Bord iad a fhaomhadh.

Rinne an Bord na dréachtchuntais bhainistíochta don bhliain go dtí an 31 Eanáir 2022 a fhaomhadh.

Thug an Bord faomhadh don bhuiséad mionsonraithe pro forma do 2022.

10. Coistí an Bhoird

10.1 An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca: Tuairisc an 23 Márta 2022 agus miontuairiscí ón 26 Eanáir 2022

Thug Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) faisnéisiú don Bhord maidir le cruinniú an Choiste sin ar an 23 Márta 2022.

Thug Cathaoirleach an CIR moladh don Cheannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí as an leibhéal cinnteachta a bhíonn ag an gCoiste mar gheall ar an obair a dhéanann sí.

Thug an Bord an dá rud ar aire, is iad sin tuairisc Chathaoirleach an Choiste ar chruinniú an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ar an 23 Márta 2022; agus na miontuairiscí faofa ó chruinniú an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ar an 26 Eanáir 2022.

Thug an Bord agus an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca araon moladh don obair atá déanta ag an

**gCeannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach
Bainistíochta Rioscaí.**

**10.2 An Coiste um Ghinealas agus Araltas: Tuairisc an 23
Feabhra 2022**

Thug Cathaoirleach an Choiste um Ghinealas agus Araltas faisnéisiú don Bhord maidir le cruinniú an Choiste sin ar an 23 Feabhra 2022. Luadh gur tháinig méadú ar an ioncam Araltais le bliain anuas agus tá cur i láthair ón gCeannasaí Bailiúchán Digiteach beartaithe.

**Thug an Bord an tuairisc ó Chathaoirleach an
Choiste um Ghinealas agus Araltas faoin gcrúinniú
ar an 23 Feabhra 2022 ar aire.**

10.3 An Coiste Comhairleach Léitheoirí

**Thug an Bord an faisnéisiú ó Chathaoirleach ar an
gCoiste Comhairleach Léitheoirí ar aire inar tugadh
le fios go bhfuil an chéad chruinniú sceidealaithe
agus go dtabharfar tuairisc ina leith sa chéad
chruinniú eile den Bhord.**

**11. An chéad chruinniú Boird eile: Déardaoin an 7 Aibreán 2022,
11:00**

**Thug an Bord ar aire go mbeadh an chéad chruinniú eile den
Bhord ann Déardaoin an 2 Meitheamh 2022 ar 11:00 agus gur
cruinniú hibrideach a bheadh ann ar an láthair agus áiseanna
físchomhdhála ar fáil.**

12. Aon Ghnó Eile

Ní raibh aon ghnó eile ann.

13. Seisiún Príobháideach

Thug an Cathaoirleach tuairisc chun dáta don Bhord ó thaobh
Stiúrthóir nua a earcú de.

Chuir an Cathaoirleach an Bord ar an eolas go bhfuil cinneadh déanta ag Katherine McSharry seasamh siar mar Stiúrthóir ar an mBord fad a bheidh sí ag obair mar Stiúrthóir Gníomhach.

Chuir an Cathaoirleach deireadh leis an gcruinniú.